

SIAMSÁN SA MBAILE!

Oideas (Píotsa)

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Taisteal' téama na seachtaine seo.

Inniu is í an Iodáil ár gceann scríbe, an áit a dtagann an bia blasta seo as.

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Déan píotsa sa bhaile leis an oideas seo.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 29 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhán dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Comhábhair:

- 200g plúr bán
- pinse salainn
- 1 spúnóg bheag púdar bÁCála
- 1 spúnóg bhoird ola
- 125ml uisce nó bainne
- 1 oinniún
- 1 canna trátaí
- 1 spúnóg bheag purée trátaí
- 1 spúnóg bheag siúcra
- piobar dubh agus salann
- 100g cáis mozzarella
- ½ spúnóg bheag oragáin
- 50g muisiriún
- 2 slis anainn
- 2 spúnóg bhoird arbhar milis

Modh:

- Cuir an t-oigheann ar siúl ag 200C nó gásmharc 6.
- Bain an craiceann den oinniún. Draenáil canna trátaí.
- Téigh an ola i sáspan; frioch an t-oinniún & cuir na luibheanna, na trátaí agus an purée trátaí leis.
- Suanbhruith ar feadh 15 bomaite.
- Criathraigh an plúr, salann & púdar bÁCála isteach i mbabhla.
- Cuir ola leis & go leor bainne /uisce chun taos bog a dhéanamh.
- Rollaigh amach go mbeidh ciorcal 25cm agat. Cuir ar leathán/stán gréiscthe é. BÁCáil san oigheann ar feadh 10 mbomaite.
- Grátáil an cháis.
- Lig do na trátaí fuarú rud beag & spréigh ar an taos. Cuir na comhábhair eile & an cháis ar a bharr.
- BÁCáil san oigheann ar feadh 20 /25 bomaite.

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta